Tá éagsúlacht mhór i gcáilíocht na bpost a thairgtear san earnáil agus caithfear iarrachtaí a dhéanamh chun clú ginearálta oibre gníomhaireachta sealadaí a fheabhsú. Tá cosaint agus poist ardchaighdeáin de dhíth ar oibrithe gníomhaireachta. Ag an am céanna, trí mheán creata oiriúnaigh d'fhéadfadh obair ghníomhaireachta shealadach cur le cruthú post agus le forbairt foirmeacha solúbtha oibre san AE.

Sin an fáth ar **glacadh le treoir ag leibhéal an AE i Samhain 2008**. Chuir an Coimisiún Eorpach togra isteach chomh luath agus 2002 ach bhí na caibidlí deacair mar gheall ar na cásanna an-éagsúil ó Bhallstát go chéile. **Anois glacfaidh na 27 Ballstát den AE na forálacha dlí atá riachtanach chun cloí leis an treoir faoi Nollaig 2011 ar a dhéanaí**.

Tá réimse iontach fairsing ag an treoir agus cuimsíonn sí gach aon earnáil eacnamaíoch — ach is féidir le Ballstáit cinneadh gan í a chur i bhfeidhm ar chaidrimh fhostaíochta a thugtar chun críche faoi chlár gairmoiliúna nó comhcheangail nó athoiliúna agus tacaíocht phoiblí aige.

Seo na príomhcheisteanna a dtéann an treoir ina gceann.

Caitheamh cothrom sna gnólachtaí úsáideora

I rith gach sannacháin do ghnóthas úsáideora agus **ó chéad lá gach sannacháin, caithfidh dálaí oibre agus fostaíochta bunúsacha an oibrí ghníomhaireachta a bheith ar a laghad mar a bheadh dá n-earcódh an comhlacht go díreach é/í chun an obair chéanna a dhéanamh**.

Go coincréiteach, nuair a bhíonn rialacha i bhfeidhm — reachtaíocht nó forálacha riaracháin nó comhaontú comhchoiteann, cuir i gcás — a bhfuil oibrithe an ghnólachta úsáideora i dteideal leibhéal áirithe **pá** dá réir, deonóidh an ghníomhaireacht oibre sealadaí an pá céanna ar a laghad don oibrí mar a bheadh aige dá gcinnfeadh an gnólacht úsáideora é a fhostú go díreach. Is dócha go mbraithfidh an pá ar cháilíochtaí agus ar thaithí, ar ndóigh.

Níos lú toirmeasc agus srianta ar úsáid oibre gníomhaireachta sealadaí

Trí rialacha íosta a leagan síos, **cuireann an treoir feabhas ar chosaint oibrithe gníomhaireachta**, mar sin tá tionchar deimhneach aici ar cháilíocht agus ar chlú oibre gníomhaireachta sealadaí. Tugann seo údar maith le dearcadh níos oscailte maidir le forbairt na foirme seo fostaíochta.

Roimhe seo, thugadh Ballstáit isteach srianta ar chomhlachtaí úsáid a bhaint as obair ghníomhaireachta shealadach: mar shampla, níorbh fhéidir oibrithe a shannadh do ghnóthais úsáideora ach ar roinnt cúiseanna sainiúla, nó go ceann tréimhse teoranta, nó bhí cros go hiomlán ar dhul i muinín oibre gníomhaireachta in earnálacha eacnamaíocha áirithe.

Athbhreithneofar gach toirmeasc agus gach srian ar úsáid oibre gníomhaireachta sealadaí agus cuirfear ar ceal iad mura bhfuil údar maith acu ar fhoras an leasa i gcoitinne. Baineann a leithéid d'fhoras go háirithe le cosaint oibrithe gníomhaireachta nó le sláinte agus sábháilteacht san obair nó le déanamh cinnte go n-oibríonn an margadh saothair go maith agus go gcoisctear an chaimiléireacht.

Tuilleadh eolais

- Téacs Threoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le hobair ghníomhaireachta shealadach (i mBéarla):

http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ:L:2008:327:0009:0014:EN:PDF

- Dlí saothair an AE (i mBéarla):

http://ec.europa.eu/labour_law

Oifig Foilseachán

© Comhphobail Eorpacha, 2009
Tá atáirgeadh an ábhair seo údaraithe nuair a léirítear an fhoinse. Le haghaidh aon úsáide nó atáirgthe grianghraf ní mór cead a fháil ón sealbhóir cóipchirt (ó na sealbhóirí cóipchirt) féin.

Printed in Belgium
Arna phriontáil ar Pháipéar Bán atá Saor ó Chlóirín
KE-31-09-122-GA-D

Cearta oibrithe gníomhaireachta sealadacha a chosaint san Aontas Eorpach

An Coimisiún Eorpach

Treoir um obair ghníomhaireachta shealadach — cén fáth?

Bíonn dhá chomhpháirtí i gcaidreamh fostaíochta de ghnáth: an fostóir agus an t-oibrí. Nuair is obair ghníomhaireachta shealadach atá i gceist, tá tríú comhpháirtí ann freisin, an gnóthas úsáideora. Is í gníomhaireacht oibre sealadaí a fhostaíonn oibrithe gníomhaireachta sealadacha agus a íocann iad, ach cuirtear ar fáil go sealadach iad do chomhlachtaí eile agus bíonn siad ag obair faoina maoirseacht-san.

Tá borradh faoi obair ghníomhaireachta shealadach le tamall anuas agus faoi láthair **tuairim is 2 % den fhostaíocht iomlán san AE** atá inti. Gach bliain déanann tuairim is 10 milliún de dhaoine obair trí mheán ghníomhaireachtaí oibre sealadaí ag pointe áirithe — agus tá sí forleathan go háirithe sa Ríocht Aontaithe, áit a bhfuil breis is 4 % den lucht oibre i gceist, agus sa Fhrainc, sa Ghearmáin agus san Ísiltír chomh maith.

Riarann an fhoirm seo fostaíochta d'fhíor-riachtanas gnóthas úsáideora: cuireann sí ar a gcumas, mar shampla, buaiceanna táirgthe a láimhseáil nó daoine a chur go furasta in ionad fostaithe as láthair. Is iomaí cúis a bhíonn ag oibrithe le bheith ag obair trí ghníomhaireachtaí oibre sealadaí, cibé acu ar feadh roinnt míonna nó ar feadh roinnt blianta; is minic a bhíonn siad ar lorg coise i dtaca ar bhealach foirmeacha níos seasmhaí fostaíochta, nó is maith leo an tsolúbthacht a thugann na gníomhaireachtaí dóibh.

An bhfuil a fhios agat?

Is foirm aithnidiúil fostaíochta í obair ghníomhaireachta shealadach i roinnt Ballstát, agus tá sí faoi réir an rialaithe iontu siúd ó na 1960í nó ó na 1970í, mar shampla san Ísiltír, sa Fhrainc, sa Ghearmáin agus sa Ríocht Aontaithe. I roinnt eile Ballstát is feiniméan i bhfad níos deireanaí í an obair ghníomhaireachta. Ní hionann na hearnálacha eacnamaíochta ina bhfuil sí níos forbartha ó thír go chéile ach oiread, nó fad na sannachán do ghnólachtaí úsáideora — cibé acu seal laethanta nó seal míonna nó seal blianta atá i gceist.

An bhfuil a fhios agat?

Ní bunphá amháin atá i gceist le pá: rud casta atá i gceist agus is féidir nach ionann a chomhpháirteanna ó chóras dlí go chéile. Socraíonn Ballstáit ar an réimse pá agus sainíonn siad an gcuirtear scéimeanna leasa shóisialta gairme san áireamh nó nach gcuirtear, go háirithe pinsean nó pá breoiteachta nó scéimeanna rannpháirtíochta airgeadais.

Baineann caitheamh cothrom **le fad na n-uaireanta oibre, le ragobair agus le sosanna, le tréimhsí scíthe, le hobair oíche, le laethanta saoire agus le saoire phoiblí freisin**: caithfidh na coinníollacha céanna a bheith ag oibrithe gníomhaireachta agus a bhíonn ag na hoibrithe fostaithe ag an gcomhlacht ina mbíonn na hoibrithe gníomhaireachta ag obair gach lá, sa mhéid is go meastar na coinníollacha seo a bheith ceangailteach d'oibrithe an ghnólachta úsáideora.

Maidir le mná toircheasacha agus le máithreacha cíche, gach riail dá bhfuil i bhfeidhm sa ghnóthas úsáideora a bhaineann lena gcosaint, beidh sí i bhfeidhm ar oibrithe gníomhaireachta freisin. Agus tá sé mar an gcéanna maidir le rialacha faoi chaitheamh cothrom fear agus ban agus maidir le beart ar bith in aghaidh an idirdhealaithe bunaithe ar inscne, ar chine, ar bhunús eitneach, ar reiligiún, ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéasach.

Admhaíonn an treoir **maoluithe ar phrionsabal an chaithimh chothroim; ach de réir coinníollacha an-docht amháin**.

- I roinnt Ballstát, féadann an ghníomhaireacht conradh fostaíochta buan a thairiscint d'oibrithe sealadacha agus tuarastal a íoc leo idir sannacháin. I gcásanna áirithe, féadann Ballstáit foráil a dhéanamh do dhíolúine ó phrionsabal an phá chothroim.
- Tá tíortha ann mar a rialaítear obair ghníomhaireachta freisin nó go príomha le comhaontuithe comhchoiteanna idir na comhpháirtithe sóisialta. I ndiaidh dul i gcomhairle leo, féadfaidh Ballstáit an rogha a thabhairt dóibh comhaontuithe comhchoiteanna a thabhairt chun críche a bhunóidh socruithe nach ionann iad agus caitheamh cothrom. Caithfear cosaint ghinearálta na n-oibrithe gníomhaireachta a chumhdach cibé ar bith.
- De réir coinníollacha dochta agus de réir aontaithe idir na comhpháirtithe sóisialta, féadfaidh Ballstáit maoluithe ar phrionsabal an chaithimh chothroim a thionscnamh. Sa chomhthéacs seo, is féidir leo tréimhse cháilithe a shonrú le haghaidh an chaithimh chothroim.

Cibé ar bith, beidh ar Bhallstáit beart a dhéanamh le mí-úsáid a chosc, agus go háirithe le sannacháin i ndiaidh a chéile a chosc a bhfuil de rún acu forálacha na treorach a shárú.

Fáil níos fearr ar fhostaíocht bhuan, ar chomháiseanna agus ar ghairmoiliúint

Is minic a bhíonn gnóthais úsáideora ag iarraidh daoine a fhostú a bhíodh ag obair ar a n-áitribh mar oibrithe gníomhaireachta sealadacha agus iad ag dul i dtaithí. Ba chóir gach deis a thabhairt d'oibrithe gníomhaireachta sealadacha fostaíocht bhuan a fháil más mian leo.

Leis seo a éascú, caithfear **poist fholmha sa ghnóthas úsáideora a chur in iúl** d'oibrithe gníomhaireachta. Beidh cros ar ghníomhaireachtaí oibre sealadaí oibrithe gníomhaireachta a chosc ar fhostaíocht ag an gcomhlacht úsáideora i ndiaidh críoch a theacht ar a sannacháin, nó táille a ghearradh ar na hoibrithe ag an am sin.

Thairis sin, ó dhearcadh praiticiúil, is amhlaidh go mbíonn na riachtanais chéanna ag oibrithe gníomhaireachta sealadacha agus a bhíonn ag baill fhoirne na bunaíochta mar a mbíonn siad ag obair, ar neamhchead d'fhad an tsannacháin. De réir na treorach, tá fáil ag oibrithe gníomhaireachta **ar chomháiseanna ar bith sa ghnóthas úsáideora**, go háirithe ar cheaintín, ar áiseanna cúraim páistí agus ar sheirbhísí iompair, de réir na gcoinníollacha céanna agus a bhíonn ag oibrithe a fhostaíonn an comhlacht go díreach, mura bhfuil éagsúlacht caithimh inchosanta de réir cúiseanna oibiachtúla.

Ina theannta sin, le cur le forbairt ghairme, spreagtar na Ballstáit bearta a dhéanamh – ina measc comhphlé sóisialta a chur chun cinn – le **fáil ar oiliúint** a fheabhsú d'oibrithe gníomhaireachta sna gníomhaireachtaí oibre sealadaí, fiú amháin sna tréimhsí idir sannacháin, mar aon lena bhfáil ar oiliúint atá ceaptha d'fhoireann na ngnóthas úsáideora a fheabhsú.

Ionadaíocht oibrithe gníomhaireachta agus faisnéis a thabhairt d'ionadaithe oibrithe

Le haghaidh comhairlí fostaithe a bhunú, meastar oibrithe sealadacha gníomhaireachta a bheith mar oibrithe na gníomhaireachta. Féadann Ballstáit cinneadh air, áfach, iad a chur san áireamh mar oibrithe an ghnóthais úsáideora.

Caithfidh an gnóthas úsáideora faisnéis oiriúnach a sholáthar dá chomhairle fostaithe faoi úsáid oibrithe gníomhaireachta sealadacha nuair a thugann sé tuairisc ar staid na fostaíochta sa ghnóthas.